

G A I L E A R A Í N Á I S I Ú N T A N A H É I R E A N N

NATIONAL GALLERY *of* IRELAND



T U A R A S C Á I L B H L I A N T Ú I L 2 0 0 8

A N N U A L R E P O R T 2 0 0 8

## GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

Bunaíodh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann le hAcht Parlaiminte i 1854 agus d'oscail sé don phobal i 1864. Sealbhaíonn an gailearaí thart ar 13,000 earra: os cionn 2,500 olaphictiúr, agus 10,000 saothar i meáin éagsúla lena n-áirítear uiscedhathanna, tarraingtí,

priontaí agus dealbhóireacht. Réimsíonn dátaí na saothar ón gceathrú haois déag chuig an lá atá inniu ann agus i gcoitinne léirítear forbairt na mór-scoileanna péinteála san Eoraip: Scoileanna na Breataine, na hOllainne, Pléimeannach, na Fraince, na hIodáile, na Spáinne agus na hÍsiltíre, á gcomhlánú ag bailiúchán cuimsitheach d'ealaín na hÉireann.

### Ráiteas Misin

An cuspoír atá ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ná chun an bailiúchán náisiúnta a thaispeáint, a chaomhnú, a riadar, a léirmhíniú agus a fhorbairt; taitneamh agus meas na hamharcealaíona a fheabhsú agus saol cultúrtha, ealaíne agus intleachtúil na glúine eiseach agus na glúine todhchaíocha a shaibhriú.

## THE NATIONAL GALLERY OF IRELAND

The National Gallery of Ireland was founded by an Act of Parliament in 1854 and opened to the public in 1864. It houses some 13,000 items: over 2,500 oil paintings, and 10,000 works in different media including watercolours, drawings, prints and sculpture. The works range in date from the fourteenth century to the present day and broadly represent the development of the major European schools of painting: British, Dutch, Flemish, French, German, Italian, Spanish and Netherlands, complemented by a comprehensive collection of Irish art.

### Mission Statement

The purpose of the National Gallery of Ireland is to display, conserve, manage, interpret and develop the national collection; to enhance enjoyment and appreciation of the visual arts and to enrich the cultural, artistic and intellectual life of present and future generations.

#### Cover

John Lavery (1856-1941)  
*On the Bridge at Grez*, 1884  
Oil on canvas, 49 x 100.5 cm  
NGI 2008.96

GAILEARAÍ NÁSIÚNTA

NA HÉIREANN

NATIONAL  
GALLERY  
*of* IRELAND

TUARASCÁIL

BHLIANTÚIL 2008

A N N U A L

R E P O R T

2 0 0 8



*ACQUISITION*

Harry Clarke (1889–1931)

*The Travelling Companion*, (1916)

One of ten original illustrations commissioned from the artist for Hans Christian Andersen's 'Fairy Tales'

NGI 2008.89.8

## CLÁR CONTENTS

- 4      *Bord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí* Board of Governors and Guardians
- 5      *Ráitis an Chathaoirligh* Chairman's Remarks
- 9      *Athbhreithniú an Stiúrthóra* Director's Review
- 25     *Rannóg na mBailiúchán* Collections Division  
29     *Gnóthachtála* Acquisitions  
45     *Iasachtaí* Loans  
53     *Taispeántais* Exhibitions  
59     *Caomhnú* Conservation
- 65     *Seirbhísí Leabharlainne & Taighde* Library & Research Services
- 71     *Oideachas* Education
- 89     *Cairde* Friends
- 93     *Forbairt & Imeachtaí* Development & Events  
97     *Seirbhísí Cuairteora* Visitor Services
- 99     *Foilseacháin agus Miondíol* Publications & Retail  
100    *Foilseacháin an Ghailearaí* Gallery Publications  
101    *Leabhair agus Ailt foilsithe ag Foireann an Ghailearaí* Books & Articles published by Gallery staff  
102    *Léachtaí & Páipéis Chomhdhála* Conference Papers & Lectures
- 109    *Ráitis Airgeadais Chomhdhlúithe 2008* Consolidated Financial Statements 2008
- 135    *Pátrúin d'Ealaíon na hÉireann/Baill Chorparáideacha* Patrons of Irish Art/Corporate Members
- 137    *Foireann Oibre* Staff

# BORD NA NGOBHARNÓIRÍ AGUS NA GCAOMHNÓIRÍ BOARD OF GOVERNORS AND GUARDIANS

## CEAPANN AN TAIRE EALAÍON, SPÓIRT AGUS TURASÓIREACHTA 10 DE NA BAILL:

An tUasal Lochlann Quinn  
Pauline Bewick Uasal  
An Dr Abdul Bulbulia  
An tUasal Desmond FitzGerald, Ridire an Ghleanna  
An Dr Patrick Fottrell  
Loretta Brennan-Glucksman Uasal  
An tUasal Bernard McNamara  
An tUasal John Mulcahy  
(bhí 2 fhollúntas ar ainmniúcháin an Aire i 2008)

## THE MINISTER FOR ARTS, SPORT AND TOURISM APPOINTS 10 OF THE MEMBERS:

Mr Lochlann Quinn  
Ms Pauline Bewick  
Dr Abdul Bulbulia  
Mr Desmond FitzGerald, Knight of Glin  
Dr Patrick Fottrell  
Ms Loretta Brennan-Glucksman  
Mr Bernard McNamara  
Mr John Mulcahy  
(there were 2 vacancies on the Minister's nominees in 2008)

## AINMNITHE AG AN ACADAMH IBERNACH RÍOGA (RHA)

An tUasal Gale RHA  
An tUasal Andrzej Wejchert RHA  
Uachtarán, Acadamh Ríoga na hÉireann  
An Dr Stephen McKenna RHA

## NOMINATED BY THE ROYAL HIBERNIAN ACADEMY (RHA)

Mr Martin Gale RHA  
Mr Andrzej Wejchert RHA  
President, Royal Hibernian Academy (RHA)  
Dr Stephen McKenna RHA

## DE BHRÍ OIFIGE

Coimisinéir, Oifig na nOibreacha Poiblí  
An tUasal Sean Benton  
An tUachtarán, Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS)  
An Dr Anthony Scott  
An tUachtarán, Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS)  
An tUasal Fonsie Mealy  
Uachtarán, Acadamh Ríoga na hÉireann  
An tOllamh Nicholas Canny

## EX-OFFICIO

Commissioner, Office of Public Works (OPW)  
Mr Sean Benton  
President, The Royal Dublin Society (RDS)  
Dr Anthony Scott  
Vice-President, The Royal Dublin Society (RDS)  
Mr Fonsie Mealy  
President, Royal Irish Academy (RIA)  
Professor Nicholas Canny

*Feidhmeanna an Bhoird*  
An tUasal Lochlann Quinn

*Chairman of the Board*  
Mr Lochlann Quinn

*Feidhmeanna an Bhoird*  
An Dr Anthony Scott (RDS)

*Vice-Chairman of the Board*  
Dr Anthony Scott (RDS)

Ráitis an Chathaoirligh

## Chairman's Remarks



**L**ean an Ghailearaí le leibhéal ard gníomhaíochta le dhá mhí déag anuas ó thaobh seirbhísí agus áiseanna a chur ar fáil don phobal de. Is buíochas le tiomantas agus proifisiúntacht an Stiúrthóra agus na foirne a bhíonn sé ar chumas an Ghailearaí seirbhís ar ard-chaighdeán a chur ar fáil. Léiríonn athbhreithniú tríd an tuarascáil seo neart fianaise den mhéid a chuir gach duine páirteach leis seo. Ní réimse ná ilgħnéitheacht na gclár agus na dtionscadal amháin is fiú a thabhairt faoi deara, áfach, ach is léiriú soiléir í freagairt an phobail ar cé chomh maith is a cuireadh iad seo i bhfeidhm.

Ag críolár gach músaeim bíonn a bhailiúchán fín agus táim lánsásta a rá gur cuireadh píosaí tábhachtacha nua le bailiúchán an Ghailearaí sa tréimhse atá faoi athbhreithniú. Le blianta beaga anuas shocraigh an Bord gur cheart iarracht ar leith a dhéanamh ealaín Eorpach ó dheireadh na naoú haoise déag-/luath sa fichiú haois a fháil. Sa chomhthéacs seo tá áthas orm a rá gur ceannáodh píosaí le Gustave Caillebotte agus le Lyonel Feininger, beirt mór le rá ón tréimhse seo. Rud a bhí an-tábhachtach i gcomhthéacs ealaín na hÉireann ná deich shaothar fiorálainn le Harry Clarke a fháil, a coimisiúnaíodh ar dtús chun finseáalta sí le Hans Christian Andersen a léiriú. Nuair a cuireadh na píosaí iontacha seo leis an mbailiúchán cinnídíodh gur fhan an tsraith, a d'fhéadfadh a bheith deighilte suas agus na píosaí éagsúla roinnte idir bhailiúcháin phríobháideacha, le chéile agus gur féidir leis an bpobal taitneamh a bhaint astu.

Tá acmhainneacht an Ghailearaí a chinntiú maidir le haire a thabhairt do na píosaí a fuarthas le déanaí agus an bailiúchán ina ioamlán mar cheann de na freagrachtaí is ríthábhachtaí atá ag an mBord. Go déanach sna 1980dí d'éirigh sé

**O**ver the past twelve months the Gallery has maintained a high level of activity in providing services and facilities to the public. The ability of the Gallery to provide a high standard of service is primarily due to the commitment and professionalism of the Director and staff. A review through this report provides ample evidence of the contribution made by everyone involved. It is not just the range and variety of the programmes and projects that is worth noting, but invariably the public response is testament as to how well these are implemented.

At the heart of every museum is its collection and I am pleased to record that over the period under review the Gallery's collection has been further enhanced through the addition of important pieces. In recent years the Board has determined that particular attention should be paid to the acquisition of late nineteenth-/early twentieth-century European art. In this context it is pleasure to record the purchase of pieces by Gustave Caillebotte and Lyonel Feininger, two notable personalities of the period. Of particular significance in the context of Irish art was the acquisition of ten exquisite compositions by Harry Clarke which were originally commissioned to illustrate the fairytales of Hans Christian Andersen. The acquisition of these wonderful pieces to the collection ensured that the set, which could have been dismembered and divided up among a number of private collections, remains intact and are available for the public to enjoy.

The Gallery's capacity to care for these newly acquired pieces and the collection as a whole is one of the most critical responsibilities of the Board. In the late 1980s it became apparent that the complex of buildings which houses the

## RÁITIS AN CHATHAOIRLIGH CHAIRMAN'S REMARKS



*The Dargan Wing, 1864 (above), and The Milltown Wing, 1902 (right): these elegant buildings form a key element in the Gallery's Master Development Plan which will consist of the refurbishment of the historic buildings and an extension of the Gallery. The project is being managed by the Office of Public Works (OPW) in conjunction with the architectural firm, Heneghan Peng.*

soiléir go raibh gá le athoiriúnú cuimsitheach a dhéanamh ar an gcoimpléasc foirgnimh ina raibh an bailiúchán á choimeád. Rinneadh deisiúcháin phráinneacha ar Sciatháin Dargan agus Milltown i 1990, le hidirghabháil níos substaintiúla ar Sciathán Beit i 1996. I 1999 mhol an Bord Máistirphlean Forbartha a thabhairt isteach chun dul i ngleic leis na riachtanais a bhí fós ann. An bhliain seo caite bhí sé ina phléisiúr dom a fhógairet go raibh €45m curtha i leataobh don tionscadal ón bPlean Forbartha Náisiúnta agus gur ceapadh an comhlacht ailtireachta Heneghan Peng chun a bheith i gceannas ar an bhfoireann deartha nua. Mar gheall ar an athrú atá tagtha ar an ngeilleagar, áfach, tá imní áirithe faoi thodhchaí an tionscnaimh ríthábhachtach seoanois. Tá na foirgnimh ghalánta seo nach mór 150 agus 100 bliain d'aois, faoi seach, agus tá géarghá acu le hathchóiriú cuimsitheach chun iad a thabhairt suas go dtí caighdeáin nua-aimseartha agus chun leas an bhailiúcháin a chinntiú go ceann i bhfad.

Tá an Bord an-bhuíoch, mar a bhíonn i gcónai, d'Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) a bhí ina chabhair ollmhór maidir le bainistiú a dhéanamh ar an gcoimpléasc foirgnimh ar Chearnóg Mhuirfean. De bharr aois agus choinníoll na struchtúr seo bíonn gá acu le haird oilte an t-am ar fad, aird a chuireann proifisiúnaigh an OPW ar fáil, a bhfuil dlúth-eolas acu

collection was in need of a comprehensive refit. Emergency repairs were made to the Dargan and Milltown Wings in 1990, with a more substantial intervention to the Beit Wing in 1996. In 1999 the Board approved the adoption of a Master Development Plan to address the outstanding needs. Last year I had the pleasure of announcing that €45m had been allocated to the project from the National Development Plan and that the architectural firm of Heneghan Peng had been appointed to head up the design team. With the change to the economy there is now some concern about the future of this critical initiative. These elegant buildings are now virtually 150 and 100 years old respectively and are in urgent need of a comprehensive refurbishment to bring them up to modern standards to ensure the well-being of the collection into the foreseeable future.

As ever the Board is indebted to the Office of Public Works (OPW) which has been of immense help in the management of the complex of buildings on Merrion Square. The age and condition of these structures demand constant skilled attention, attention which is provided by the OPW professionals who have an

## RÁITIS AN CHATHAOIRLIGH CHAIRMAN'S REMARKS

faoin nGailearaí a dhéanann suas cuid de choimpléasc Foirgnimh an Rialtais atá díreach taobh le Teach Laighin.

Is ábhar cúram do thodhchaí na hinstítíúide é chomh maith an fógra a tugadh i mí Deireadh Fómhair maidir leis an moladh an Gailearaí, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann agus Gailearaí Crawford i gCorcaigh a chó-nascadh mar chuid de thionscnamh Rialtais chun éifeachtach a chinntí san earnáil phoiblí. Níl sé soiléir fós conas a baineadh socrú mar sin aon choigiltis sun-tasacha amach agus níl an Bord cinnte de go ndéanadh an comhcheangal a moladh aon mhaitheas don Ghailearaí.

Tugann an Bord aitheantas don tacaíocht agus don cúnamh leanúnach a fhaigheann sé ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Bhí agus tá fós tacaíocht dhíograiseach ó Airí comhleantacha againn. Faraoir géar cailleadh Séamus Brennan TD, an tAire a bhí againn go dtí luath i mí Bealtaine, i mí Iúil. Ba mhaith linn ár mbuiochas a chur in iúl as ucht a chuid tacaíochta. Tá áthas orm a rá go bhfuil a chomharba, Martin Cullen TD, chomh díograiseach agus chomh tacuile céanna.

Mar a rinneadh le blianta beaga roimhe seo, choimeád an Bord súil ghéar ar Rialachas Corporáid-each le linn 2008 trí cur chun cinn a dhéanamh ar dhea-chleachtas a thabhairt isteach i bpríomh-ghníomhaíochtaí an Ghailearaí. Choinnigh an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca leis an gcúram seo ina chuid maoirseachta ar ghnóthaí baile, lena n-áirítear iniúchtaí ar réimse príomh-oibriúchán agus an fhorbairt chéimnitheach ar an bPróiseas cuim-sitheach Bainistíochta Riosca. Tá freagrachtaí an Bhoird maidir leis seo san áireamh go foirmiúil mar chuid de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite atá faoi iamh.

Lochlann Quinn  
*Cathaoirleach*

intimate knowledge of the Gallery which forms part of the complex of Government Buildings directly adjacent to Leinster House.

Also of concern for the future of the institution was the announcement in October of the proposal to amalgamate the Gallery with the Irish Museum of Modern Art and the Crawford Gallery in Cork as part of a Government initiative to secure efficiencies in the public sector. It is not yet clear how such an arrangement would achieve any savings of substance and the Board is not convinced that the proposed merger benefits the Gallery.

The Board recognizes the continued support and assistance it receives from the Department of Arts, Sport and Tourism. We have had, and continue to have, enthusiastic support from successive Ministers. Sadly, Séamus Brennan TD, our Minister up until early May, passed away in July. We would like to record our appreciation of his support. I am pleased to say that his successor, Martin Cullen TD, is equally enthusiastic and supportive.

As in previous years, the Board has maintained a keen focus on Corporate Governance during 2008 by promoting the adoption of best practice into the core activities of the Gallery. This has been assiduously pursued by the Audit and Risk Committee in its supervision of internal affairs, including audits of a range of key operations and the progressive development of a comprehensive Risk Management Process. The responsibilities of the Board in this regard are formally included as part of the attached Consolidated Financial Statements.

Lochlann Quinn  
*Chairman*

Athbhreithniú an Stiúrthóra  
Director's Review



D'fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar an mbliain 2008 in annála an Ghailearaí mar bhliain arb é 'gealdorcha' an príomhthréith a bhain léi. Ó thaobh na mbuaic-phointí de, bhí an-chuid ceiliúrtha le déanamh toisc gur bhain cláir éagsúla a gcuid spriocanna féin amach. Ar an taobh eile, i dtreo an dara leath den bhliain thosaigh an institiúid de bheith ag braith tionchair an chor chun donais airgeadais a bhí gar agus ní ó thaobh cistithe a bheith ar fáil amháin de, áfach.

### Foircneamh

Buaicphointe ba ea an t-athchóiriú ar Uimh. 5 Sráid Laighean Theas a chríochnú, gan amhras, a fuarthas i 1995 ag am nuair a bhí an Gailearaí ag dul chun cinn lena phleananna do Sciathán na Mílaoise. Fágtha as áireamh ón tionscadal bunaidh, bhí an foircneamh i staid dhíomhaoin ar feadh beagnach deich mbliana sular ghlac Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) leis agus gur choimisiúnaigh siad Arthur Gibney agus a Chomhpháirtithe chun an t-athchóiriú a dhéanamh. Mar gheall ar an gcoinníoll trochlainthe eisceachtúil ina raibh an struchtúr agus na saincheisteanna caomhan-tais fadhbacha a raibh gá dul i ngleic leo, bhí an obair an-choimpléascach agus bhí an dul chun cinn thar a bheith mall. Ar dtús moladh an foircneamh iomlán a leagadh amach mar spás oifige, toisc go mbeadh sé dodhéanta spás a bheadh oiriúnach d'áiléirí poiblí a chur ar fáil. Faoi mar a lean an obair ar aghaidh agus gur éirigh féideartháí an fhoirgnimh níos soiléire, braitheadh gur cheart na spásanna is áille a chur ar fáil don phobal. I ndiaidh athbhreithniú ar an tionscadal beartaíodh gur cheart na spásanna a bhí ar an mbunurlár agus ar an gcéad urlár a bhí dea-chomhréirithe le hobair phláistair íogair, a leagadh amach ionas go bhféadadh an pobal úsáid a bhaint astu. An toradh atá ar seo anois ná foircneamh athchóirithe ón tréimhse a bheidh mar shócmhainn don Ghailearaí sna blianta atá romhainn amach.

In the annals of the Gallery the year 2008 could be described as a year characterised by the term 'chiaroscuro'. In respect of highlights, there was much to celebrate as various programmes achieved their particular goals. On the darker side of the spectrum, towards the latter half of the year the institution began to feel the impact of the impending financial downturn and not simply in terms of available funding.

### Building

An undoubtedly highlight was the completion of the refurbishment of No. 5 South Leinster Street, which had been acquired in 1995 at a time when the Gallery was progressing on its plans for the Millennium Wing. Excluded from the original project, the building lay idle for almost ten years before being taken in hand by the Office of Public Works (OPW) who commissioned Arthur Gibney and Partners to undertake the renovation. Given the exceptional dilapidated state of the structure and the problematic conservation issues which needed to be addressed, the work was complex and progress painstakingly slow. Initially it was proposed that the entire building be fitted out as office space, given that it would be impossible to deliver accommodation suitable for public galleries. However, as work progressed and the potential of the building became more evident, it was felt that there should be scope to make the finer spaces available to the public. Following a review of the project it was determined that the ground and first floor spaces with elegant proportions and delicate plasterwork, should be fitted out to facilitate public use. The end result is a substantially rehabilitated period building which will prove an asset to the Gallery in the years to come.

## ATHBHREITHNIÚ AN STIÚRTHÓRA DIRECTOR'S REVIEW

Béal dorais i Sciathán na Mílaoise, cóngarach don bhealach isteach don phobal, bhí athoibriú suntasach le déanamh ar Shiopa an Ghailearaí. Chomh maith le Bialann an Ghailearaí, is áis an-tábhachtach í an Siopa do chuaireoirí a bhíonn ag iaraidh cuimhneacháin a cheannach chomh maith le litríocht faoin mbailiúchán, stair na healaíne agus araíonachtaí cosúla. An príomh-chuspóir a bhí ann sa chás seo ná dul i ggleic le heasnaimh áirithe a bhí sa leagan amach bunaidh chun a bheith ábalta freastal ar chustaiméirí ar bhealach níos fearr, níos mó spáis taispeána a chur ar fail agus maoirseacht níos fearr a cheadú. Comhlíonadh an obair seo le tacaíocht ón OPW i mí Feabhra, an mhí is ciúine don Ghailearaí go traidisiúnta. Táthar ag súil go mór go mbeidh sásamh poiblí agus láimhdeachas níos airde mar thoradh ar na socruithe nua seo.

De réir an phrionsabail túis áite a thabhairt do chúram an bhailiúcháin, comhlíonadh obair in íoslach Sciathán Beit chomh maith, áit a coimeádadh stoc do Shiopa an Ghailearaí go dtí sin, agus úsáidtear mar stór pictiúiranois é. Cé go bhfuil an spás teoranta go leor tá sé suite go hidéalach agus baineann sé tairbhe as an gcomhoiriúnú timpeallachta a oibríonn mar chuid den choimpléasc.

### Bailiúchán

Bhí bunú Rannán an Bhailiúcháin, a bheidh freagrach as an gcomhordú ar bhainistíocht a dhéanamh ar an mbailiúchán agus ar iasachtaí, lena n-áirítear taispeántais, caomhnú agus oibríochtaí cláratheoirí, ina fhorbairt an-tábhachtach i rith na bliana. Tá sé i gceist go mbeidh cumarsáid agus éifeachtúlacht níos fearr, ó thaobh déileáil leis an mbailiúchán de, mar thoradh ar an tionscnamh seo.

### Gnóthachtálacha & Féiríní

Is le pléisiúr ar leith a dhéanaim tuairisc ar ghnóthachtálacha agus ar fhéiríní eisceachtúla a

Next door in the Millennium Wing, adjacent to the public entrance, the Gallery Shop was the subject of a substantial reworking. Together with the Gallery Restaurant, the Shop constitutes a very important facility for visitors who seek to purchase souvenirs of their visit as well as literature on the collection, the history of art and related disciplines. The principle objective in this instance was to tackle certain shortcomings in the original layout to better facilitate customers, to provide more display space and also to allow better supervision. The work was carried out with the support of OPW in February which is traditionally the quietest month for the Gallery. It is very much hoped that the new arrangement will result in greater public satisfaction and a greater turnover.

In accordance with the principle to prioritise the care of the collection, work was also carried out in the basement of the Beit Wing where the area heretofore used to store stock for the Gallery Shop was converted for use as a picture store. Whilst the space is limited it is ideally located and benefits from the environmental conditioning which operates in this part of the complex.

### Collection

An important development during the year was the establishment of the Collections Division, which will take on responsibility for coordinating the management of the collection and loans, including exhibitions, conservation and registrar operations. It is intended that the initiative will lead to improved communication and greater efficiency in dealing with the collection.

### Acquisitions & Gifts

It is a particular pleasure to record a number of exceptional acquisitions and gifts, many of

## ATHBHREITHNIÚ AN STIÚRTHÓRA DIRECTOR'S REVIEW

fuarthas, a bheidh mar rogha na coitiantachta do roinnt mhaith cuairteoirí sa todhchaí. Sárshampla de seo ná *On the Bridge at Grez*, a phéinteál John Lavery i 1884 nuair a bhí an t-ealaíontóir ar laethanta saoire sa Fhrainc. Mheall Grez-sur-Loing, díreach ar imeall dheas fhioraois Fontainbleau, péintéirí, scríbhneoirí agus cumadóirí ón Fhrainc agus thar leor, Éire san áireamh. I measc na n-ealaíontóirí Éireannacha a mealladh go dtí an sráidbhaile úd bhí Frank O'Meara, a chuaigh go Grez don chéad uair i 1875 sular lonnaigh sé é féin ansin (1882), díreach ag fágáil chun filleadh go hÉirinn, áit a fuair sé bás i 1888 ag aois 35. Léiríonn déantús Lavery, lena fhormáid lán-léargais neamhghnách, an bóthar thar an sean-droichead pictiúrtha le cruth O'Meara, carachtar an-tarraingteach a raibh an-mheas air laistigh de choilíneacht na n-ealaíontóirí, ag luí ar an uchtbhalla, ag féachaint thar a ghualainn dheis ar bheirt ban áitiúil a stop chun féachaint ar an radharc.

I mí Bealtaine fuair an Gailearaí *Bord d'un canal, près de Naples* (c.1872) le Gustave Caillebotte, píosa tábhachtach le dul lena bhailiúchán Impriseanaíoch agus nua-ealaíne. Tá Caillebotte, a tháinig ó chúlra compordach, uas-mhéánicmeach, neamhghnách go leor i gcomhthéacs Impriseanaithe, toisc gur cleachtóir agus pátrún díograiseach ab ea é, ag tacú le buanna Renoir, Monet agus Sisley chomh maith le healaíontóirí eile. Tá a bhailiúchán suntasach féin mar ghné thábhachtach staire sa lá atá inniu ann i Musée d'Orsay agus i mbailliúcháin Barnes. Is saothar luath an píosa a fuarthas, a dhéanann doiciméadú ar thuras a rinne sé go dtí an Iodáil lena athair sabhair i 1872, sular thosaigh sé de bheith ag cur a chuid ealaíne ar taispeáint le lucht a chomhaimsire. Tá an tírdhreach cothrom, atá faoi sholas na gréine, tugtha chun beocht ag cuar láidir an chanáil. Seo móitíf chumadóireachta – feiste gheoiméadach láidir a úsáid – a bheadh mar

which will become popular favourites with future visitors. Outstanding in this respect is John Lavery's *On the Bridge at Grez*, painted in 1884 when the artist was sojourning in France. Grez-sur-Loing, on the southern fringes of the forest of Fontainbleau, attracted painters, writers and composers from France and abroad, including Ireland. Among the Irish artists drawn to the village was Frank O'Meara, who first visited Grez in 1875 before settling there (1882), only leaving to return to Ireland where he died in 1888 at the age of 35. Lavery's composition, with its unusual panoramic format, depicts the roadway across the picturesque old bridge with the figure of O'Meara, a particularly engaging character who was well liked within the artist's colony, propped against the parapet, looking over his right shoulder at two local women who have paused to take in the view.

In May the Gallery acquired *Bord d'un canal, près de Naples* (c.1872) by Gustave Caillebotte, an important addition to its collection of Impressionist and modern art. Coming from a comfortable, upper middle-class background, Caillebotte is somewhat unusual in the context of the Impressionist, in that he was both a practitioner and an enthusiastic patron, championing the talents of Renoir, Monet and Sisley together with other artists. His own substantial collection today constitutes an historically important element in the Musée d'Orsay and the Barnes collections. This acquisition is an early work which documents a trip he made to Italy with his wealthy father in 1872, before he started to exhibit with his contemporaries. The flat, sun-drenched landscape is animated by the strong curve of the canal. This is a compositional motif – use of a strong geometric device – which



*ACQUISITION*


William Evans of Eton (1798-1877)

*A Cabin near the Shore with Figures, Connemara*

From a portfolio of 41 watercolours executed on  
the artist's tour of Connemara, 1838.

NGI 2008.36.9

## ATHBHREITHNIÚ AN STIÚRTHÓRA DIRECTOR'S REVIEW



Harry Clarke (1889–1931), *The Tinderbox*. NGI 2008.89.4



Harry Clarke (1889–1931), *The Nightingale*. NGI 2008.89.3

phríomhthréith in an-chuid de na pictíúir is cáiliúla a bheadh aige níos déanaí.

Go luath sa samhradh bhí an t-ádh leis an nGailearaí féirín a fháil de dheich léaráid iontacha le Harry Clarke a cuireadh ar díol ag margadh Londain. Bhí na léaráidí mar chuid de choimisiún ó George Harrap a raibh an t-ealaíontóir óg i dteagmháil leis ar chuairt ghanid go Londain i 1913 ar a bhealach go Páras ar scoláireacht chun staidéar a dhéanamh ar ghloine dhaite mheánaoiseach. Tóghtha leis an gcumhdach líníochtaí a chuir Clarke i láthair, rinne Harrap tairiscint 200 guineas le haghaidh sraith léaráidí le dul le *Fairy Tales* le Hans Christian Andersen do leabhar a theastaigh uaidh a chur i gcló. An toradh deiridh a bhí ar an gcuinniú seo ná imleabhar aoibhinn táirgthe ag George Harrap & Co.,

would later characterise many of his most celebrated paintings.

In early summer the Gallery was fortunate to receive a gift of ten magnificent illustrations by Harry Clarke which were offered for sale on the London market. The works were part of a commission from George Harrap whom the young artist approached on a brief visit to London in 1913 on his way to Paris on a scholarship to study medieval stained glass. Impressed by the portfolio of drawings produced by Clarke, Harrap offered him 200 guineas for a series of illustrations to Hans Christian Andersen's *Fairy Tales* for a book he wished to publish. The end result of this meeting was a lavish volume produced by George Harrap & Co., limited to 125

## ATHBHREITHNIÚ AN STIÚRTHÓRA DIRECTOR'S REVIEW

teoranta go 125 cóip ar díol i Sasana agus i Meiriceá, le thart ar 40 léaráid lánleathanaigh, sé cheann déag acu siúd i ndathanna.

Píosa fiorspésiúil a cuireadh leis an mbailiúchán ná cumhdach de 41 uiscedhath agus líniocht le healaíontóir nach bhfuil mórán aithne air, William Evans as Eton (1798–1877), a dhéanann doiciméadú ar shuímh éagsúla iniarthar na hÉireann, ceantair tuaithe agus uirbeacha sa tréimhse díreach roimh an Gorta Mór. Cé go bhfuil na híomhánna atá ar mhórscála gnásúil go mór mhór ó thaobh a gcuid teicníce agus ceapacháin de, cuireann na sonráí fianaise ar fáil faoi na coinníollacha maireachtála a bhí ag áitritheoirí bochta i gceantair iarghúlta faoin tuath, chomh maith le híomhánna mealltacha a chur ar fáil dúinn a léirionn cathair na Gaillimhe. Déanta ar thuras timpeall an cheantair i 1838, usáideadh roinnt de na saothair chun leagan 1843 de ‘Ireland: Its Scenery, Character &c, Vol. III’ leis an tUas. C. Halls agus C. Halls Uas. a léiriú.

### Taispeántais

Sholáthar an clár taispeántais a chuir an Gailearaí ar siúl i rith na bliana roinnt léiriúchán nach ndéanfaidh an pobal dearmad orthu, ceann amháin a bhí mar dhíol suntais don institiúid. Thar mhíonna an tsamhraidh bhí Sciathán na Milaoise ina óstach don chéad taispeántas baile tugtha d’Impri Seanachas. Thug *Impressionist Interiors* le chéile níos mó ná 40 píosa le healaíontóirí a bhfuil móreileamh fós orthu. Dhírigh an taispeántas seo ar ghné dá gcuid oibre nach bhfuil a lán daoine eolach uirthi. Do ghrúpa a raibh clú orthu as ucht pictiúir a chruthú a léirigh solas agus tírdhreach, ní hiad íomhánna de spásanna istigh soilsithe ag gás, seomraí leapa, an láthair oibre agus spásanna oifige na híomhánna a thagann chun barr do chinn. Agus mar sin féin, tá an bealach leithleach lena ndéileálann siad leis na hábhair seo

copies for sale in England and America, containing some 40 full-page illustrations, sixteen of which were in colour.

A particularly fascinating addition to the collection was a portfolio of 41 watercolours and drawings by the little known William Evans of Eton (1798–1877) which document a variety of locations in the west of Ireland, both rural and urban in the period directly predating the Great Famine. Whilst the large-scale images are in many respects conventional in their technique and conception, in much of their detail they nonetheless provide important testament to the living conditions of the impoverished inhabitants of the remote countryside, as well as providing us with tantalising images of the city of Galway. Executed on a tour of the region in 1838, a number of the compositions were used to illustrate the 1843 edition of Mr and Mrs C. Halls ‘Ireland: Its Scenery, Character &c, Vol. III’.

### Exhibitions

The Gallery’s exhibitions programme over the year provided the public with a number of memorable shows, one of which was a landmark event for the institution. Over the summer months the Millennium Wing played host to the first home-produced exhibition devoted to Impressionism. *Impressionist Interiors* brought together over 40 pieces by artists whose popularity continues to endure. This particular show focused on an aspect of their work which for many people is unchartered territory. For a group whose reputation is synonymous with the portrayal of light and landscape painting, images of gas lit interiors, boudoirs, shop floors and office spaces are not what come most immediately to mind. And yet, their unique treatment of these subjects is as important to their

## ATHBHREITHNIÚ AN STIÚRTHÓRA DIRECTOR'S REVIEW

chomh tábhachtach céanna ina gcuid forbartha i dtreo na nua-ealaíne agus atá a gcuid tírdhreacha. Sholáthar an catalóg a chuaigh leis an taispeántas tráchtairreacht léirsteanach faoi ghnéithe de shaol na nImpreseanaithe agus a gcuid comhghleacaithe.

Le roinnt blianta anuas rinne an Gailearaí a lán oibre chun traidisiún chultúrtha a gcomharsana Eorpacha a thaispeáint. I ndiaidh an ratha éachtaigh a bhí ag *New Frontiers* i 2004, agus *Paintings from Poland* i 2007, ar sceideal na dtaispeántas i mbliana tá taispeántas sármaith de phéintéireacht ón Fhionlainn. I gcomhar le hÁras Ealaíne an Ateneum i Helsinki, chuir an Gailearaí *Northern Stars and Southern Lights* ar taispeáint, taispeántas a dhírigh ar an tréimhse 1870-1920, a ghlactar leis go ginearálta mar 'Ré Órga na hEalaíne Fionlainnise'. Léirigh na saothair a bhí ar taispeáint an mothúchán d'fhéiniúlacht náisiúnta ag dul i méid agus rinne sé doiciméadú ar an tréimhse inar bhog an náisiún ó bheith mar Ard-Diúcacht na Rúise uathrialach go stát neamhspleách. Tugann na pictiúir agus na líníochtaí atá ar taispeáint fianach do réabhlóid dhrámatúil in ealaín na Fionlainne a shroich aibíocht thar tréimhse ama an-ghearr, agus trí bhuanna glúin nua d'ealaíontóirí, tháinig siad chuig an státse domhanada chun féiniúlacht uathúil an náisiúin a fhágairt. I measc na saothar a bhí ar taispeáint bhí roinnt canbháis móra le Pekka Halonen a rinne suas cuid de phailliún na Fionlainne ag an Exposition Universelle i bPáras i 1900 ag tréimhse nuair a bhí an Fhionlainn fós faoi smacht na Rúise.

San am céanna leis an taispeántas tugtha d'ealaín na Fionlainne i Sciathán na Mílaoise, d'oscail an Gailearaí taispeántas speisialta i Sciathán Beit chun comóradh dhá chéad bliain a dhéanamh ar bhás Hugh Douglas Hamilton (1740-1808), an portráidí is mó a bhí againn in Éirinn san ochtú haois déag. Ba iad na daoine is iomráití, ní amháin in Éirinn ach sa

development of modern art as is their landscapes. The accompanying catalogue provided an insightful commentary into aspects of the life of the Impressionists and their contemporaries.

Over the past number of years the Gallery has worked to showcase the cultural traditions of its European neighbours. Following on the tremendous success of *New Frontiers* in 2004, and *Paintings from Poland* in 2007, the exhibitions schedule this year featured an outstanding presentation of Finnish painting. In association with the Ateneum Art Museum in Helsinki, the Gallery mounted *Northern Stars and Southern Lights*, a display which focused on the period 1870-1920, generally regarded as the 'Golden Age of Finnish Art'. The works on show reflected the growing sense of national identity and documented the period which saw the nation move from being an autonomous Grand Duchy of Russia to being an independent state. The paintings and prints on view bore witness to a dramatic revolution in Finnish art which rapidly gained maturity over a very short period of time and through the talents of a new generation of artists arrived on the world stage to proclaim the nations unique sense of identity. Among the works on display were a number of large canvases by Pekka Halonen which formed part of Finland's extraordinary pavilion at the Exposition Universelle in Paris in 1900 at a time when Finland was still under Russian rule.

Contemporaneously with the Millennium Wing display devoted to Finnish art, the Gallery mounted a special exhibition in the Beit Wing to commemorate the bicentenary of the death of Hugh Douglas Hamilton (1740-1808), Ireland's foremost portraitist of the eighteenth century. Hamilton's list of patrons was a veritable who's

## ATHBHREITHNIÚ AN STIÚRTHÓRA DIRECTOR'S REVIEW



*At the preview of the exhibition 'Impressionist Interiors' were (ltr): Terence O'Rourke, Managing Partner, KPMG; Raymond Keaveney, Director; Janet McLean, Curator; Martin Territ, Director, European Commission Representation in Ireland, and Dr Anthony Scott, Vice-Chairman, NGI Board of Governors and Guardians.*

Bhreatain Mhór chomh maith, a bhí ar an liosta de pátrúin a bhí ag Hamilton, chomh maith le daoine chomh mór le rá le Antonio Canova, a raibh dlúth-chairdeas aige leis. Bhí sé beartaithe ar dtús go mbeadh clár ómóis don ealaíontóir ar scála measartha le cur ar taispeáint, ach d'fhorbair an tionscadal isteach in iard-hearcadh iomlán agus tá iasachtaí ó bhailiúcháin ar fud na hÉireann, an RA agus an Iodáil san áireamh anois. Sa bhréis ar na beophictiúir de roinnt de na daoine is mó le rá i sochaí na hÉireann nuair a bhí corráil pholaitiúil sa tir díreach roimh Acht an Aontais, tá roinnt líníochtaí uathúla san áireamh sa taispeántas chomh maith, albam 'Cries of Dublin' an ealaíontóra a aimsíodh le déanaí san Astráil agus samplaí dá chuid iarrachtaí i dtreo suibiachtaí a phéinteáil. Mairfidh an catalóg álann a chuaigh leis an taispeántas ar feadh tamall mar an cuntas is faisnéisí agus is suas chun dáta faoi shaol agus faoi shaothair oibre an ealaíontóra.

Chuir *Revelation* deis ar fáil don Ghailearaí dul i ngleic le cultúr an lae inniu, seo cleachtadh a rinne an Gailearaí le Graphic Studio Dublin, lenar bhainistigh an Gailearaí tionscadal roimhe seo i 1998 nuair a chuir sé *Art into Art*, a bhí an-rathúil, ar siúl. Bunaithe ar an mbunphrionsabal céanna, ealaíontóirí agus déantóirí priontaí na linne seo ag físeáint ar an



*H.E. Seppo Kauppila, Ambassador of Finland to Ireland, with Maija Tanninen-Mattila, Director, Ateneum Art Museum-Finnish National Gallery, at the opening of the exhibition, 'Northern Stars and Southern Lights: The Golden Age of Finnish Art 1870-1920'.*

who not just of Irish society, but also British, not to mention such international figures as Antonio Canova with whom he established a strong friendship. Originally planned as a modest tribute to the artist, the project developed into a full-scale retrospective and included loans from collections all over Ireland, the UK and Italy. In addition to the wonderfully vivid images of many of the key figures in Irish society at a time of political unrest immediately prior to the Act of Union, the presentation included some rare drawings, the artist's recently discovered 'Cries of Dublin' album which turned up in Australia and examples of his excursions into subject painting. The handsome catalogue which accompanied the show will endure for some time as the most informative and up-to-date account of the artist's life and work.

An opportunity for the Gallery to engage with contemporary culture was provided by *Revelation*, a joint exercise with Graphic Studio Dublin with whom the Gallery had previously managed a project in 1998 when it put on the highly successful *Art into Art*. Based on the same core principle, that of contemporary artists and

## ATHBHREITHNIÚ AN STIÚRTHÓRA DIRECTOR'S REVIEW



Martin Mansergh, TD, Minister of State with Responsibility for the Arts being shown around the exhibition, 'Hugh Douglas Hamilton: A Life in Pictures' by Anne Hodge, Curator of the show.

mbailiúchán agus ag cruthú íomhána faoi spreagadh an mhéid a chonaiceadar, thug an comhoibriú seo cuireadh do na rannpháirtithe díriú ar théama na foilsithe, cé acu reiligiúnach nó saolta.

### Seirbhísí Leabharlainne & Taighde

Sholáthar Seirbhísí Leabharlainne agus Taighde tacaíocht ríthábhachtach do na gníomhaíochtaí a bhí ar siúl ag Rannán an Bhailiúcháin, Oideachas, agus codanna eile d'oibríochtaí an Ghailearaí chomh maith le freastal ar an bpobal, mic léinn tríu leibhéal go háirithe agus scoláirí atá ag obair ar thionscadail taighde. Chomh maith lena bheith ag cur leis an gcuasach leabhar ar bhonn céimnitheach, mhéadaigh an Leabharlann líon na síntiús chuig roinnt seirbhísí tagartha tábhachtacha ar líne. Sa bhreis ar aire a thabhairt don bhailiúchán is tábhachtaí d'fhoilseacháin tagartha ealaíne sa tír, déanann na Seirbhísí Leabharlainne & Taighde maoirseacht ar oibríochtaí an Ionaid Staidéar Ealaíne na hÉireann (CSIA) agus Cartlann Yeats a chuir doiciméadúchán tábhachtach lena sealúchas chomh maith.

Chomh maith le freastal ar na riachtanais atá acu siúd a théann i gcomhairle leis an doiciméadúchán ar an láthair, tá foireann na leabharlainne ag obair i



At a preview of the Jack B. Yeats exhibition in March were (ltr): David Niland, President of Galway Chamber of Commerce and nephew of Nora Niland, founder of The Niland Collection; Sarah Glennie, Director, Model Arts and Niland Gallery, and Declan Bree, Assistant Mayor of Sligo.

printmakers looking at the collection and creating images inspired by what they had seen, this collaboration invited the participants to focus on the theme of revelation, whether religious or secular.

### Library & Research Services

Library & Research Services provided critical support to the activities of the Collections Division, Education, and other areas of the Gallery's operations as well as facilitating the public, particularly third level students and scholars working on research projects. Apart from adding incrementally to the bookstock the Library has increased subscriptions to a number of important online reference services. In addition to housing the single most important collection of art reference publications in the country, the Library & Research Services oversee the operation of the Centre for the Study of Irish Art (CSIA) and the Yeats Archive which also added important documentation to their holdings.

In addition to accommodating the needs of those who consult its documentation on site the staff of the library are progressively working to make the catalogue data available online in addition to providing remote access to the archival material.

## ATHBHREITHNIÚ AN STIÚRTHÓRA DIRECTOR'S REVIEW

dtreo na sonraí sa chatalóg a chur ar fáil ar líne chomh maith le cianrochtain a sholáthar d'ábhar ón gcartlann. Tá na scileanna seo sa tecneolaíocht faisnéise á gcur i bhfeidhm chomh maith i bhforbairt shuíomh ghréasáin nua an Ghailearaí a bhfuil an Leabharlann ag déanamh bainistiú tionscadail air. Tá sé ar intinn go rachaidh an suíomh gréasáin nua beo ar líne faoi dheireadh na bliana seo chugainn.

Tionscadal uathúil a tugadh chun críche le linn na bliana ba ea an Tionscadal Cláraithe Cnuasaigh, a gabhadh de láimh i gcomhoibriú le hOfig an Chláraitheora. Chuimsigh sé seo sonráí na lámh-scríbhinní stáiriúla ar fad a bhí tiomsaithe sna sean-chatalóga agus leabhair thinrimh faoi cheangal a thrascróbh go bunachar sonráí digiteach, próiseas a rinne éascú ar sheiceáil chórasach ar na sonraí bain-teach le gach saothar faighte agus an deis feabhas leanúnach a dhéanamh ar shláine na sonraí.

### Oideachas

Thar na blianta chuir Roinn Oideachais an Ghailearaí le chéile réimse clár agus seirbhísí a oibríonn chun tacaíocht a thabhairt don phobal i gcoitinne ina gcuid rannpháirtíochta leis an mbail-iúchán. Is féidir rath na gclár seo a thomhas ní amháin ag féachaint ar líon na n-imeachtaí a eagraítear, atá suntasach, ach trí bhreathnú ar an speictream leathan den sochaí ar a bhfuil siad thírithe agus tríd an méid rannpháirtithe a ghlaicann páirt, méid a éiríonn níos mó gach bliain. Le roinnt mhaith blianta anuas bhí an tseirbhís bunaithe sa Ghailearaí don chuid is mó agus bhí sé éighníomhach go maith don chuid is mó, ag sceidealú léachtanna don phobal, cúrsaí do mhic léinn agus réimse gníomhaíochtaí do pháistí. Inniu tá gníomhaíochtaí na Roinne Oideachais tar éis síneadh amach ó theorainn Chearnóg Mhuirfean, isteach i gcomhphobail thart timpeall na cathrach agus timpeall na tíre. D'eagraigh an Roinn 128

These skills in information technology are also being applied to the development of the Gallery's new website which is being project managed by the Library. It is intended that the new website will go live online by late next year.

A unique project which was brought to completion during the course of the year was the Collections Registers Project, which was undertaken in collaboration with the Registrar's Office. This involved the transcription onto a digitised database of all the historic manuscript data compiled in the old bound catalogues and registers, a process which facilitated a systematic check of the details relating to each acquisition and the opportunity to continually improve data integrity.

### Education

Over the years the Gallery's Education Department has put together a range of programmes and services which work to support the public in their engagement with the collection. The success of these programmes can be gauged not just by looking at the numbers of events organised, which is considerable, but also by considering the wide spectrum of society at which they are aimed and by the estimated number of participants which becomes more impressive with each passing year. For many years the service was essentially Gallery based and passive in nature, scheduling lectures for the general public, courses for students and a range of children's activities. Today the activities of the Education Department have extended beyond the confines of Merrion Square, into communities around the city and about the country. Overall there were 128 events organised by the

## ATHBHREITHNIÚ AN STIÚRTHÓRA DIRECTOR'S REVIEW

imeacht in iomlán taobh amuigh dá bunáit i gCearnóg Mhuirfean. I measc obair na Roinne tá déileáil le teaghlaigh, daoine atá imithe ar scor, ealaíontóirí amaitéaracha, mic léinn iarchéime, múinteoirí, ospidéil, grúpaí le míchumais, príosúin, grúpaí comhphobail, leabharlanna áitiúla, inimircigh agus dídeanaithe. Is éacht é seo agus léiríonn sé íomhá dearfach de ról na hinstítíúide laistigh den sochaí agus an méid a thacaíonn pobal léirthuisceana leis an méid atá bainte amach aici.

Sampla amháin den slí ina bhfuil obríochtaí an Ghailearái ag léiriú lánpháirtíocht le comhlacthaí agus le himeachtaí taobh amuigh den institiúid ba ea an 'Drawing Day' a reáchtáladh ar fud na tíre i mí Bealtaine nuair a ghlac an Roinn Oideachais páirt le 24 iarsmalann agus grúpa eile ar fud oileán na hÉireann chun an disciplín seo a chur chun cinn. Reáchtáil an Roinn trí chúrsa éagsúil chun staidéar a dhéanamh ar línlíochtaí i rith na bliana le dhá chúrsa deeartha go háirithe do mhic léinn/chleachtóirí lena lán taithí. Mar an gcéanna bhí ionchur suntasach ag an Roinn i gelár do *Culture Night* i mí Meán Fómhair nuair a ghlac an Gailearaí páirt in imeacht atá aitheantaanois ar bhonn náisiúnta.

I measc gníomhaíochtaí eile bhí sraith léamha filíochta i mí Iúil i gcomhar le Poetry Ireland agus thug roinnt dár scríbhneoirí is mó le rá léachtanna óna gcuid oibre go lucht éisteachta díograiseach. Díol spéise idirdhisciplíneach eile ba ea an *Deireadh Seachtaine Teach Oscailte* i mí Dheireadh Fómhair, eagraithe i gcomhar le Foras Ailtireachta na hÉireann, a dhírigigh ar shaol na haitireachta a chur in aithint do dhaoine óga. Bhí painéal de chainteoirí mór-le-rá ag an sraith léachtanna bhliantúil Story of the Great Masters i mí Dheireadh Fómhair, John Leighton, a ceapadh le déanaí mar Ard-Stiúrthóir ar Ghailearaithe Náisiúnta na hAlban agus atá ina iarchéannasaí ar Iarsmalann Van Gogh in Amstardam, a

Department away from its base in Merrion Square. The work of the Department includes engaging with families, retirees, amateur artists, post graduate students, teachers, hospitals, disability groups, prisons, community groups, local libraries, immigrants and refugees. It is a remarkable achievement and reflects positively on the role of the institution within society and the extent to which its contribution is supported by an appreciative public.

